



An Bhéaltriail

Sampla 1

Leaving Cert Irish Oral



Sampla 1 - Breandán Mac Donncha

Mé féin, mo mhuintir agus m'áit chónaithe:

- Breandán Mac Donncha is ainm dom.
- Tá mé naoi mbliana déag d'aois.
- Tá seisear i mo chlann.
- Marc agus Caitlín is ainm do mo thuismitheoirí.
- Tá triúr deifiúracha agam: Sinéad, Siobhán agus Saoirse.
- Is mise an duine is óige sa gclann. Is peata mé.
- Tá Sinéad ag déanamh staidéir ar an gceol in Ollscoil Chorcaí.
- Tá Siobhán in Ollscoil Bhaile Átha Cliath. Tá staidéar á dhéanamh aici ar an tráchtáil.
- Is innealtóir í Saoirse. Ní raibh sí in ann post a fháil agus dá bhrí sin bhí uirthi dul ar imirce go Ceanada. Bhí an-bhrón orainn ar fad nuair a d'imigh sí, ach le cúnamh Dé beidh sí in ann filleadh abhaile nuair a thiocfaidh feabhas ar chúrsaí fostaíochta anseo.
- Tá siopa gruagaireachta ag mo mháthair. Bíonn sí ag obair ó dhubh go dubh.
- Tá m'athair dífhostaithe. Bhí post aige i monarcha áitiúil ach chaill sé a phost bliain ó shin.
- Tá muid inár gcónaí i dteach leathscoite in eastáit tithíochta i mBaile Chill Dara.
- Is breá liom mo bhaile dúchais. Tá aithne ag gach duine ar a chéile agus tugann gach duine cabhair agus cúnamh dá chéile. Faoi mar a deir an seanfhocal: "Is ar scáth a chéile mhaireann na daoine."
- Tá club do dhéagóirí sa gceantar. Is féidir badmantan, cispheil, snúcar agus leadóg a imirt ann. Bíonn dioscó ar siúl ann uair sa mhí.

An Scoil:

- Freastalaím ar scoil na mbuachaillí anseo ar an mbaile.
 - Téim ar scoil i mo charr. D'fhéadfainn siúl ar scoil mar go bhfuilimid inár gcónaí i ngiorracht scread asail don scoil ach tá mo charr féin agam agus is breá liom é a thiomáint.
 - Is scoil bhuachaillí í an scoil. Tá tuairim is trí chéad scoláire ag freastal uirthi. Tá tuairim is triocha cúig ag múineadh inti Is maith liom an scoil. Tá an-chuid cairde agam i mo rang.
 - Táim sa rang céanna le cuid acu ó bhí mé sa bhunscoil.
 - Tógadh foirgneamh nua le déanaí agus dá bharr tá áiseanna iontacha againn sa scoil.
 - Tá dhá shaotharlann, dhá sheomra ríomhairí, seomra teicneolaíochta, seomra don ghrafaic dhearaidh agus chumarsáide, seomra eolaíochta, seomra adhmaadóireachta agus seomra ealáine.
- Tá halla gleacaíochta don chéad scoth againn chomh maith agus sé seo an seomra is fearr liom.
- Déanaim seacht n-ábhar ar scoil: Gaeilge, Béarla, Mata, Spáinnis, Teicneolaíocht, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, agus Tíreolas.
 - Is breá liom an teicneolaíocht mar ceapaim gurb ábhar praiticiúil, spésiúil é. Ina theannta sin is breá liom a bheith ag obair le mo lámha. Theastaigh uaim foirgneolaíocht a dhéanamh chomh maith ach ní raibh sé ar fáil mar rogha nuair a bhíos ag dul isteach sa chúigiú bliain.

- Is fuath liom an Mata. Caithim go leor ama ar m'obair bhaile Mata ach fós ní thuigim é. Tá trua agam do mo mhúinteoir Mata tá a croí briste agam.
- Tá go leor imeachtaí eischuraclaim sa scoil agus cuirtear an-bhéim ar an spórt. Tá mé ar fhoireann sacair na scoile. Níl an fhoireann rómhaith, áfach. Chaill muid gach cluiche anuraidh agus níl muid ag déanamh mórán níos fearr i mbliana.

An Samhradh seo agus an Samhradh seo caite:

- An Samhradh seo caite bhí post páirtaimseartha agam i dteach tábhairne ar an mbaile.
- Is teach tábhairne an-ghnóthach é agus bhí orm obair na gcapall a dhéanamh.
- Bhíodh mé ag obair óna hocht a chlog go dtí tar éis mheánoíche i rith na seachtaine, agus níos déanaí ná sin ag an deireadh seachaine.
- Bhínn tuirseach, traochta, tnáite gach maidin.
- Bhínn ag bailiú gloiní agus ag obair taobh thiar den bheár.
- Thaitin an obair go mór liom. Bhíodh daoine sa bheár i gcónaí agus bhíodh an craic go hiontach. Bhuail mé le go leor cailíní deasa chomh maith!
- Ní nach ionad tá súil agam an post céanna a bheith agam an Samhradh seo.
- Is ó Chontae an Chláir mo bheirt tuismitheoirí agus tá mo sheantuismitheoirí fós beo. Téann an teaghlach ar fad síos go dtí an gClár ar feadh coicíse gach bliain.
- Chuaigh muid ann anuraidh agus tá sé i gceist againn dul síos arís i mbliana.
- Is breá liom an áit mar go bhfuil sí cois farraige. Anuraidh rinne mé cúrsa tonnmharcaíochta/surfála agus bhaineas sult an domhain as.
- Réitím an-mhaith le mo sheantuismitheoirí agus cé go bhfuil siad ag éirí sean tá gach duine acu chomh folláin le breac i gcónaí.

Cúrsa/Gairm:

- Teastaíonn uaim a bheith i mo shiúinéir amach anseo.
- Rinne mé adhmaadóireacht don Teastas Sóisearach agus thaitin sé go mór liom.
- Dar liom go bhfuil bua agam le mo lámha agus tá an-luí agam leis an obair sin.
- Is siúinéir é m'uncail agus tugaim lámh chúnata dó uaireanta. Táim tar éis go leor a fhoghlaim uaidh.
- Tá a fhios agam nach é seo an t-am is fearr le tabhairt faoin ngairm seo ach tiocfaidh feabhas ar chúrsaí le cúnaimh Dé.
- Tá go leor de na daoine a bhí ag plé le gairmeacha na tógála imithe ar imirce go Ceanada agus an Astráil. B'fhéidir go mbeadh ormsa an rud céanna a dhéanamh.
- Caithfidh mé mo phrintíseacht a dhéanamh i dtosach le siúinéir cáilithe agus le FÁS, sé sin má bhíonn an eagraíocht bhocht sin fós ann!

Caitheamh Aimsirí:

- Is breá liom sacar. Imrím ar fhoireann na scoile agus leis an gclub áitiúil.

- Cé nach bhfuil foireann na scoile rómhaith tá an club réasúnta láidir.
- Bhuaigh muid cúpla comórtas anuraidh agus bhuaigh muid gach cluiche a bhí againn go dtí seo i mbliana.
- Bhí sé mar bhrionglóid agam nuair a bhí mé óg imirt le Manchain Aontaithe. Tuigim anois nach dtárlóidh sé sin.
- Táim an-tógtha le Príomhroinn Shasna agus tugaim tacaíocht do Mhanchain Aontaithe.
- Sé Wayne Rooney an t-imreoir is fearr liom. Dar liom go bhfuil sé ar dhuine de na himreoirí is sciliúla a bhí riamh ann.
- Bhí an-ghean agam ar Roy Keane agus Eric Cantona nuair a bhí said ag imirt.
- Níl ag éirí chomh maith sin le Roy bocht ó chuaigh sé i mbun bainistíochta.
- Is breá liom a bheith ag féachaint ar an teilifís. Níl tada níos fearr liom tar éis lá oibre nó staidéir ná suí ar mo sháimhín só ar an tolg ag breathnú ar an teilifís.
- Is iad Family Guy, American Dad agus The Simpsons na cláracha is fearr liom.
- Sílim go bhfuil na Simpsons ar an gclár is cliste ar an teilifís. Tá sé aorúil agus searbhasach.

Taisteal:

- Bhuel tá teach saoire againn sa gClár agus táim ag dul ann le blianta. Beidh an teaghlach ar fad ag dul síos ann arís an Samhradh seo. Táim ag súil go mór le mo sheantuismitheoirí a fheiceáil.
- Tá mo theaghlach ar fad tar éis dul ag scíail cúpla uair. Dar liom gur saoire don chéad scoth é.
- Mí Eanáir seo caite chuamar go hAndorra, tír bheag idir an Spáinn agus an Fhrainc.
- D'éirigh muid ag breacadh an lae gach lá agus chuamar ag scíail.
- Bhí muid uilig tuirseach, traochta, tnáithe i ndeireadh an lae.
- Nuair a bhíonn scáth na hoíche tite sin í an uair a thosaíonn an craic.
- Is saoire an-chostasach í ach is fiú go mór é. Beidh muid ag dul arís an bhliain seo chugainn.
- Ba bhreá liom imeacht go dtí an Astráil ar feadh bliana.
- Tá aithne agam ar dhaoine atá imithe sall agus deir siad go bhfuil an aimsir go hálainn agus go bhfuil na cailíní an-dathúil!
- B'fhéidir go mbeadh orm dul ann le post a fháil.